

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL
DEONTAS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA
FÁ CHOINNE DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

FOIRM IARRATAIS



Léigh le do thoil na coinníollacha ceangailte sula líonann tú an fhoirm seo

Caithfidh tú gach ceist a fhreagairt

Scríobh do chuid freagraí go soiléir i mbloclitreacha le do thoil

Níl cead oibreacha a thosú sula bhfaighfidh an tÚdarás Áitiúil an t-iarratas ar dheontas agus sula bhfaighfear cead i scríbhinn ón Údaras Áitiúil

Caithfidh an duine a bhfuil an deontas á lorg ar a shon/son a bheith ina c(h)ónaí sa teach mar ghnátháit chónaithe

SONRAÍ AN IARRATASÓRA

An tIarratasóir: _____

Seoladh: _____

Uimh. Ghutháin: _____ Guthán Póca: _____

Dáta Breithe: _____ Uimh. P.S.P.: _____

Slí Bheatha: _____

Ainm an duine a bhfuil deontas á lorg dó/di (*murab ionann agus an tIarratasóir*):

Gaol leis an iarratasóir: _____

An gcónaíonn an duine faoi mhíchumas ag an seoladh thuas: _____

Cé chomh fada is atá sé/sí ina c(h)ónaí ag an seoladh seo: _____ (bliain)

SONRAÍ AN DOCHTÚRA GHINEARÁLTA

Ainm agus seoladh an Dochtúra Ghinearálta: _____

(Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfidh do dhochtúir an teastas dochtúra ceangailte a líonadh agus a sheoladh ar ais leis an fhoirm iarratais seo)

SONRAÍ AN TÍ / ÁITRIBH

Ainm úinéir an tí / áitribh a bhfuil na hoibreacha oiriúnaithe beartaithe¹ le déanamh air:

Sonraí gach duine a chónaíonn sa teach / teaghais a bhfuil deontas á lorg dó (*an t-iarratasóir agus/nó an duine faoi mhíchumas san áireamh*)

Ainm	Gaol leis an iarratasóir	Dáta breithe	Ollioncam (bliain chánach roimhe seo)	Slí Bheatha (<i>más cuí</i>)

Ollioncam Teaghlaigh Bliantúil: € _____
(*Féach nóta míniúcháin faoi choinníolla na scéime*)

* Caithfidh tú fianaise a chur isteach ón Eagrais Oideachais / Oiliúna cuí maidir le haon bhall teaghlaigh idir 18 agus 23 bliain d'aois atá i mbun oideachais go lánaimseartha nó i mbun printíseachtaí le FÁS.

Líon na seomraí sa teaghais² / sa teach, agus cur síos orthu:

	Seomraí Codalta	Seomra Suí	Seomra Bia	Cistin	Seomra Folctha	Eile
Thuas Staighre						
Thíos Staighre						

¹ proposed adaptation works

² dwelling

Ar íocadh Deontas do Dhuine faoi Mhíchumas³/Deontas Oiriúnaithe Tithíochta⁴/Deontas Tithíochta d'Áiseanna Soghluaiseachta⁵ riamh i dtaobh an áitribh nó an duine chéanna? Má íocadh, tabhair sonraí le do thoil:

Más í an Chomhairle a chuir an teach ar fáil, cuir tic sa bhosca cúí thíos:

ar cíós

nó ceannaithe

An bhfuil aon airgead le híoc leis an Chomhairle ag úinéir/tionónta na teaghaise maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas (má tá, tabhair uimhir an chuntais agus méid atá híoc)?

I. Aisíocaíochtaí cíosa/ceannaithe - Tá / Níl: Uimh. Chuntais _____ Méid _____

II. Táillí Uisce: Tá / Níl: Uimh. Chuntais _____ Méid _____

III. Eile (tabhair sonraí: ms Iasacht tithíochta srl)

Ta / Níl: Uimh. Chuntais _____ Méid _____

Deimhním go dtuigim cuspóir an deontais seo, agus geallaim go gcloífidh mé le téarmaí na scéime.

Ní chuirfidh mé tús le hoibreacha sula bhfaighfidh mé cead deiridh i scríbhinn, agus cuirfidh mé na hoibreacha i gcrích mar a cheadófar.

Tugaim cead do Chomhairle Contae Dhún na nGall aon scrúdú/fiosrúchán, a shíleann siad a bheith fóirsteanach, a dhéanamh agus iad i mbun an t-iarratas seo a mheas.

An duine a bhfuil an deontas á lorg dó nó di, tá cónaí air/uirthi sa teach mar ghnáth-áit chónaithe.

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas agus na sonraí atá tugtha thuas ceart agus cruinn agus nach bhfuil aon fhoinsé eile ioncaim ag an lion tí seachas an figiúr atá luaite mar oll-ioncam bliantúil an lion tí.

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____

³ Disabled Person's Grant

⁴ Housing Adaptation Grant

⁵ Mobility Aids Housing Grant

TEASTAS DOCHTÚRA**DEONTAS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

Deimhním leis seo go bhfuil na hoibreacha beartaithe ar an fhoirm iarratais ceangailte riachtanach le cóiríocht cheart a sholáthar do:

AINM: _____

SEOLADH: _____


A FHULAINGÍONN LE: _____

NÁDÚR AGUS MÉID AN MHÍCHUMAIS: _____

AINM AN DOCHTÚRA: _____

STAMPA AN DOCHTÚRA

SEOLADH: _____



SÍNITHE AG: _____

DÁTA: _____

DÉAN CINNTE, LE DO THOIL, GO BHFUIL STAMPA DOCHTÚRA AR AN TEASTAS

SEICLIOSTA

Le moill a sheachaint, déan d'iarratas a athscrúdú sula gcuirfidh tú chuig an Chomhairle é. Bain úsáid an an seicliosta seo a leanas mar threoir. Beidh sé seo ina chuidiú nuair a bheas d'iarratas á phróiseáil.

▪ Coinníollacha na Scéime

- ✓ Tá coinníollacha na scéime léite agam agus tuigim iad.
- ✓ Creidim go bhfuil m'iarratas ag teacht le coinníoll na scéime.

▪ Foirm Iarratais

- ✓ Tá gach ceist ar an fhoirm (HD1) líonta go hiomlán.
- ✓ Tá m'uimhir PSP tugtha agam.
- ✓ Tá an fhoirm sínithe agam.
- ✓ Tá an Teastas Dochtúra (HD2) líonta agus sínithe / stampáilte.

▪ Doiciméadú Tacaíochta

- ✓ Tá fianaise ar theacht isteach an teaghlaigh curtha isteach agam maidir le húinéir na teaghaise agus, nuair is infheidhme, a c(h)éile.
- ✓ Tá fianaise ar úineireacht na teaghaise curtha agam, nuair is infheidhme⁶.
- ✓ Tá fianaise curtha agam gur comhlíonadh dualgais i dtaca le cáin mhaoine áitiúil⁷.

NB: NÍ FÉIDIR IARRATAS A PHRÓISEÁIL GO DTÍ GO GCUIRFEAR GACH FOIRM AGUS DOICIMÉADÚ TACAÍOCHTA CHUIG AN CHOMHAIRLE.

⁶ where applicable

⁷ Local property tax

Coinníollacha na Scéime

▪ Cuspóir an Deontais

Tá an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil le cabhrú⁸ le hoibreacha a dhéanamh atá riachtanach go réasúnta chun críocha teach a dhéanamh níos fóirsteanaí le cóiríocht⁹ a thabhairt do dhuine faoi mhíchumas atá ina bhall den teaghlach.

▪ Cé tá i dteideal an deontais?

Tá an deontas ar fáil do theaghlaigh / lucht tí¹⁰ nach dtéann a n-ollioncam bliantúil tí¹¹ os cionn €60,000.

Is é príomhchuspóir an deontais freastal ar riachtanais na ndaoine sin a bhfuil na riachtanais is mó / is casta acu i dtaca le cúram cliniúil / feidhmiúil. Tá polasaí glactha ag an Chomhairle chun díriú ar na trí (3) chatagóir seo a leanas i.e. riochtaí forchéimnitheacha néareolaíocha, gortú inchinne faighte, grúpaí eile a bhfuil leibhéal ard cúraim de dhíth orthu.

Riochtaí Forchéimnitheacha Néareolaíocha

- Scléaróis Iolrach
- Galar Néarón Luadrach
- Galar Parkinson
- Tinneas Foirceanta Forchéimnitheach / Ailse
- Galar Alzheimer / Néaltrú
- Aimleodóise
- Diostróife Mhatánach
- Ataicse Frederick
- Galar Huntington

Gortú Inchinne Faighte

- Gortú Inchinne
- Gortú Inchinne de bharr Alcóil
- Stró

Grúpaí eile a bhfuil Leibhéal Ard Cúraim de dhíth orthu

- Daoine i gcathaoireacha rothaí
- Daoine atá ag brath ar threalamh speisialaithe chun feidhmiú sa bhaile, trealamh tógála mar shampla
- Daoine a bhfuil leibhéal ard cúraim á sholáthar sa bhaile dóibh (go ginearálta, níos mó ná cúramaí amháin ceaptha)

⁸ cuidiú

⁹ accommodation

¹⁰ household

¹¹ gross annual household income

- Daoine a bhfuil gortuithe déanta do chorda an dromlaigh, ar nós ceathairphléige nó parapléige

Cé gur leor diagnóis inti féin, mar atá leagtha amach sa chéad dá chatagóir thuas, chun go gcuirfí duine san áireamh le haghaidh deontais, bheadh gá chomh maith, ar ndóigh, leis na riachtanais ghaolmhara feidhmiúla. Sa chomhthéacs sin, caithfear an chóiríocht atá ann cheana féin, agus an leibhéal tacaíochta atá ar fáil, a chur san áireamh chomh maith.

Baineann na prionsabail ghinearálta seo a leanas le hábhar chomh maith:-

- Caithfidh srian suntasach a bheith ar ábaltacht an duine atá faoi mhíchumas leanúint ar aghaidh le gairm, le gnó nó le slí bheatha, nó páirt a ghlacadh sa saol sóisialta nó cultúrtha.
- An duine a bhfuil an t-oiriúnú á mheas dó nó di, caithfidh sé nó sí a bheith faoi mhíchumas atá ‘buan agus suntasach’.
- Caithfidh an duine cónaí a dhéanamh sa teach mar ghnáth-áit chónaithe aige nó aici.
- Is é cuspóir na n-oiriúnaithe a dhéanamh ná cur le neamhspleáchas feidhmiúil na ndaoine sin atá faoi mhíchumas buan agus suntasach, nó an neamhspleáchas feidhmiúil atá acu a chothabháil. Beidh leibhéal an deontais ag brath ar riachtanais an duine aonair agus / nó an chúramaí maidir le míchumas an duine aonair, agus ar indéantacht theicniúil.
- Ba chóir don oiriúnú, chomh fada agus is praiticiúil, riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha an chliaint a chur san áireamh. I gcás páistí, ní féidir é seo a dhéanamh i gcónaí go dtí go mbíonn siad cúig bliana d’aois, agus mar sin de, ní chuirfear iarratais ar thacaíocht d’oibreacha do pháistí faoi chúig bliana d’aois, ní chuirfear sin san áireamh ach amháin nuair a bheas a gcuid riachtanas fadtéarmach bunaithe agus cinntithe go soiléir. I gcásanna den chineál seo, beidh gá lena dheimhniú cé acu chuaigh an páiste faoi mheasúnú ar riachtanas de réir Alt 2 den Acht Míchumais, 2005, nó nach ndeachaigh. Nuair atá measúnú déanta, cuirfear na moltaí atá sa tuairisc mheasúnaithe san áireamh.

Mar sin féin,

- Ní hionann míchumas a bheith ann agus ceart gan cheist go n-íocfar deontas, mar gur gá leibhéal an mhíchumais agus na deacrachtaí feidhmiúla a éiríonn as sin a chur san áireamh chomh maith. Ní chiallaíonn leibhéal míchumais nó diagnóis ar leith go bhfuil riachtanais shuntasacha ag an iarratasóir maidir le tithíocht.
- Is féidir nach mbeadh míchumas gearrthéarmach incháilithe, i gcás, mar shampla, nuair a chuideodh ‘áis chabhrach’ le duine aon deacracht fheidhmiúil a shárú. Mar an gcéanna, sa chás go dtéann duine faoi chóir leighis agus súil ann go mbeidh ‘biseach’ laistigh d’am réasúnta, ní íocfaí aon deontas. Sampla de chomhthéacs mar seo is ea nuair a bheadh duine i ndiaidh obráid cromáin a fháil.
- Má tá míchumas de bharr seanaoise ar dhuine ní chiallaíonn sin go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal deontais gan cheist, mar go gcaithfidh na hoibreacha atá beartaithe a bheith riachtanach agus caithfidh na hoibreacha a bheith bainte go díreach le deacrachtaí feidhmiúla an iarratasóra a mhaolú.

- Ní bheadh duine i dteideal deontais de bharr fadhbanna iompair astu féin.
- **Cén cineál Oibre atá Clúdaithe?**

Tá cineálacha éagsúla oibreacha ceadaithe faoin scéim, ina measc ag soláthar rampaí rochtana, áiseanna leithris thíos staighre / cithfholcthaí inrochtana, cathaoireacha staighre, oiriúnuithe le haghaidh cathaoireacha rothaí, sínte, agus aon obair eile atá go réasúnta riachtanach le teach a dhéanamh níos fóirsteanaí mar áit chónaithe do dhuine atá faoi mhíchumas.

Is faoi achan Údarás Áitiúil é féin cinneadh a dhéanamh, inter alia, i dtaca leis na cúinsí ina bhféadfaí deontas a íoc agus má íoctar, cinneadh a dhéanamh i dtaca leis na hoibreacha atá riachtanach leis an áit chónaithe a dhéanamh níos fóirsteanaí do dhuine atá faoi mhíchumas, chomh maith le méid an deontais atá le híoc.

Caithfear é seo uilig a mheas i gcomhthéacs an ghá leanúnaigh atá ann an luach airgid is fearr agus is féidir a bhaint amach.

Go ginearálta,

- Is é an príomhphointe ná go bhfuil an deontas dírithe ar freastal ar riachtanais chónaithe an duine atá faoi mhíchumas, agus a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici, agus mar sin de, aon oibreacha atá beartaithe caithfidh siad cuidiú leo srianta a eascraíonn as an mhíchumas a sháru.
- Caithfidh na hoibreacha a bheith riachtanach chun cur le caighdeán saoil an duine atá faoi mhíchumas.
- Caithfidh an obair oiriúnaithe a bheith ‘ríthábhachtach agus praiticiúil’ agus ‘riachtanach agus fóirsteanaí’.
- Má tá roghanna éagsúla ann chun freastal ar riachtanas aitheanta an iarratasóra, molfar an rogha is cost-éifeachtaí a chur i bhfeidhm.
- Is ar oiriúnaithe níos mó ná sínte a bheas an obair dírithe, agus ní dhéanfar síneadh le háit chónaithe ach amháin sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann. Má tá seomra ar fáil in áit chónaithe a d’fhéadfadh freastal ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas, is d’oibreacha oiriúnaithe ar an tseomra sin amháin a bheas deontas ar fáil seachas seomra breise a chur ar fáil. Ach, sa chás gur mhaith le cliaint leanúint ar aghaidh leis an tseomra breise, caithfear é a thógáil de réir caighdeán chúí, ach is é an ‘costas oiriúnaithe’ a chlúdófar leis an deontas.
- In go leor cásanna, is féidir gur leor áiseanna folcadáin nó áiseanna eile mar réiteach cuí seachas oibreacha athchóirithe struchtúrtha a dhéanamh ar áit chónaithe.
- Is féidir, mar threoir le haghaidh oibreacha incháilithe, an cheist a chur ‘an mbeadh na hoibreacha / na háiseanna de dhíth go fóill mura mbeadh an duine faoi mhíchumas’. Dá mbeadh, bhuel níl an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta ag fóirstean agus i gcás mar sin caithfear a thuiscint go soiléir nach gclúdaíonn an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta soláthar áiseanna de bharr róphlódú, le haghaidh feabhsúcháin ghinearálta / oibreacha cothabhála ar thithe.

- Oibreacha a dhéanfaidh leas don líon tí go ginearálta seachas leas don duine ar leith atá faoi mhíchumas, nó i gcás oibreacha nach ndéanfaidh an míchumas a mhaolú go díreach, ní chlúdaítear iad faoin Scéim.
- Ní dhéanfar aon iarratas a mheas, i gcás ar bith, nuair a mheastar gur cosúla le ‘gnáthobair chothabhála’ nó oibreacha feabhsúcháin é seachas cás ina dtarlaíonn riachtanas speisialta de bharr míchumais.

Rampaí / Ráillí

Is féidir Deontas a íoc chun rampa nó ráille a sholáthar ag ceachtar acu an doras tosaigh nó an doras cúil sa teaghais. Ní chlúdóidh an Scéim obair chun dromchla iomlán úr a chur ar chabhsa nó ar shráid.

I gcúinsí eisceachtúla, nuair a bhíonn an duine atá faoi mhíchumas ag brath ar chathaoir rotha nó lúth na gcos cailte go mór aige nó aici, is féidir go smaoineofaí ar chosán gairid go dtí an doras a sholáthar.

Seomraí Folctha / Cithfholcadáin Boinn Leibhéalta

Is féidir go smaoineofaí ar sheomra folctha a oiriúnú le háiseanna speisialta leithris agus cithfholcadáin a sholáthar nuair a shíltear go bhfuil gá leis. In go leor cásanna, is é a bheas i gceist sna hoibreacha molta ná cithfholcadán boinn leibhéalta a sholáthar nó athrú éigin eile ar an seomra folctha. Níl sé i gceist go gclúdódh an Scéim svuít iomlán seomra folctha i.e. leithreas, doirteal le bheith uasghrádaithe mar chuid de ghnáthobair athchóirithe sa seomra folctha. In go leor cásanna, is féidir go mbeidh drochbhail ar na svuíteanna agus is féidir go bhfuil gá lena n-uasghrádú, ach ní mheastar go dtagann an obair seo faoin Scéim Deontais Oiriúnaithe Tí. I gcásanna den chineál sin, is do na háiseanna riachtanacha amháin a thabharfar an deontas.

Cathaoireacha Staighre

Smaoineofar ar chathaoir staighre a sholáthar, seachas síneadh a chur leis an teach, nuair a bheas seo praiticiúil agus nuair is léir go bhfreastalóidh sé seo ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas.

Dorais / Hallaí

Nuair a bhíonn iarratasóir ag brath ar chathaoir rotha, d’fhéadfaí go smaoineofaí ar dhorais / hallaí a leathnú má mheastar go bhfuil gá leis. Clúdófar gnáth-dhorais, ach ní chlúdófar dorais le gléas idirchumarsáide.

Seomraí Codlata

I gcás teach dhá urláir, d’fhéadfaí go smaoineofaí ar sheomra codlata a thógáil ar an bhunurlár sa chás nach bhfuil an duine atá faoi mhíchumas in ann, de bharr an mhíchumais, dul chuig an seomra atá ann faoi láthair . Tabharfar tús áite d’obair chun seomra atá ann cheana féin a athchóiriú, seachas síneadh a chur leis an teach, nuair is léir go bhfreastalaíonn seo ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas.

Cistin

Sa chás go bhfuil an duine atá faoi mhíchumas ag brath ar chathaoir rotha, ach a bhfuil cumas fisiciúil acu agus an spreagadh iontu bia a ullmhú i gcistin atá oiriúnaithe go cuí, is féidir go mbeidh gá le hathruithe a dhéanamh thart fán chistin. Mar sin féin, caithfidh na hathruithe sin a bheith dírithe go sonrach ar chuidiú leis an duine atá faoi mhíchumas an chistin a úsáid agus chan athruithe ar mhaithe le cistin easnamhach a fheabhsú. Is iad na hoibreacha a d'fhéadfaí a dhéanamh ná obair theoranta thart ar an chuntar oibre agus ar na soicéid leictreacha. I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfaí an chistin a dhéanamh níos mó le cuidiú le bogadh thart.

Córais Teasa a Sholáthar

Go ginearálta, ní bhíonn deontais ar fáil faoin scéim deontais míchumais le teas lárnach a sholáthar mar go bhfuil tacaíocht ar fáil don obair seo ó Údaráis/Áisíneachtaí eile. Mar sin féin, más rud é go bhfuil oibreacha eile ar siúl faoi scéim deontais míchumais, eg soláthar seomra breise, is féidir go smaointeofaí ar an chóras teasa atá ann cheana a chur isteach sa seomra breise.

Soláthar Uisce / Séarachas

Sa chás nach bhfuil aon áiseanna uisce / séarachais san áit chónaithe faoi láthair, is féidir go gcuirfí sin san áireamh sna hoibreacha. Sampla de sin is ea nuair nach mbeadh de sholáthar uisce faoi láthair ach sconná lasmuigh nó más leithreas lasmuigh atá ann faoi láthair.

Ós rud é go bhfuil deontais eile ar fáil ón Rannóg Uisce, Timpeallachta agus Éigeandála fá choinne soláthar uisce ó thoibreacha, ní chlúdaítear é seo faoin Scéim Deontais Oiriúnaithe Tí.

Fuinneoga

Is i gcúinsí eisceachtúla amháin a thabharfar airgead le fuinneoga úra a chur isteach, seachas fuinneoga úra atá mar chuid de shíneadh leis an teach.

Oibreacha Athsholáthair

Sa chás go bhfuil cistin/bothán úr le cur isteach in áit seanchinn, leis an bhealach a réiteach do shíneadh tí a fhreastalóidh ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas, is féidir leis an Deontas costas na hoibre athsholáthair sin a chlúdach.

Oibreacha Lasmuigh

Beidh an Scéim dírithe ar oibreacha a dhéanamh ar an aonad cónaithe, agus taobh amuigh de rampaí/ráillí/cosáin a sholáthar i gcúinsí eisceachtúla, ní chlúdáfar oibreacha lasmuigh. Sampla den chineál oibre a bheadh i gceist is ea port cairr, garáiste/bothán lasmuigh nó áis lasmuigh etc.

Aonad Cónaithe Neamhspleách / Arasán Glanscartha

Ní chlúdaíonn an Scéim Deontais Oiriúnaithe Tí aon aonad cónaithe neamhspleách / arasán glanscartha.

Alárim Dheataigh

Moltar go láidir gur chóir don iarratasóir alárim alárim deataigh a chur san áireamh in aon oibreacha atá le déanamh, mura bhfuil siad ar fáil san áit chónaithe cheana féin. Is é an roga

is fearr ná soláthar a dhéanamh d'aláram deataigh leictreach i gcomhar le haon oibreacha athshreangaithe atá ar siúl.

Nó mar mhalairt air sin, ar a laghad, ba chóir dhá aláram ghlanscartha a chur isteach a bhfuil cadhnra deich mbliana iontu. I gcásanna mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go seiceáiltear na cadhnra go minic, agus go gcuirtear cinn úra isteach nuair is gá.

Oibreacha Eile

Mionoibreacha eile atá réasúnta riachtanach leis an teach a dhéanamh níos fóirsteanaí mar áit chónaithe do dhuine atá faoi mhíchumas, is féidir go gcuirfí sin san áireamh chomh maith.

Mionoibreacha

Go ginearálta, daoine a bhfuil deontas de dhíth orthu fá choinne mionoibreacha (i.e. Rampaí, cithfholcadáin boinn leibhéalta, ráillí beirthe agus cathaoireacha staighre), agus a shásaíonn rialacha na tástála acmhainne, ba chóir dóibh cur isteach ar dheontas faoin Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta. Níl bac ar bith roimh iarratasóir ar bith, ar ndóigh, iarratas a dhéanamh fá choinne oibreacha mar sin faoin Scéim Deontais d'Oiriúnaithe Tí.

Leibhéal an Deontais

Ní bheidh méid an deontais atá ar fáil níos mó ná 95% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, suas go dtí uasmhéid de €30,000. Níl an deontas ar fáil ach amháin do na teaghlaigh / líonta tí sin nach bhfuil a n-ollioncam bliantúil níos mó ná €66,000. Ó thaobh an deontais do thithe nua de (tógtha laistigh de 12 mhí) is é méid an deontais atá ar fáil ná costas na n-athruithe / oibreacha breise atá le déanamh ar an teach chun é a chur in oiriúint do dhuine atá faoi mhíchumas, nó €14,500, cibé acu is lú (faoi réir ag tástáil acmhainne).

Baineann na teorainneacha seo a leanas leis na heilimintí is comónta oibre, agus is gá tástáil acmhainne a dhéanamh i dtaca le leibhéal an deontais atá ar fáil do gach eilimint (i.e. Idir 30% agus 95% de na hoibreacha ceadaithe in achan chás).

Cosán, rampa rochtana agus ráille láimhe a sholáthar,	€1,579
Cathaoir staighre - bunaithe ar mheastachán scríofa	€2,368
Seomra folctha atá ann cheana a chur in oiriúint fá choinne cithfholcadán boinn leibhéalta.	€2,895
Costas tógála fá choinne Seomra Folctha do Dhaoine Faoi Mhíchumas	€ 1350/m2
Is é 5.76.m ² an ghnáthmhéid atá molta.	€7,776
Seomra codlata a thógáil de réir Chaighdeáin DPG	€ 1150/m2
Is é 13.38 m ² an ghnáthmhéid atá molta.	€15,387
Seomra codlata a dhéanamh de Stóras / Gharáiste de réir Chaighdeáin DPG	€2,500
Mionoibreacha ar bith eile atá réasúnta riachtanach leis an teach a dhéanamh níos fóirsteanaí mar áit chónaithe do dhuine atá faoi mhíchumas.	€1,315

Nóta: Tá na teorainneacha thuas bunaithe ar shraith iomlán oibreacha a bheith riachtanach faoi eilimint ar leith oibreacha. Mar shampla, faoin mhír fá choinne cosán, rampa rochtana agus ráille láimhe a sholáthar, ní cheadaítear an €1,579 iomlán ach amháin sa chás go bhfuil gach ceann de na trí ghné sin riachtanach, ach sa chás nach bhfuil de dhíth ach ráille láimhe a sholáthar is méid níos lú a bheas i gceist.

Sa chás go gcuireann tógálaí meastachán isteach atá níos lú ná na luachanna atá luaite thuas, nó sa chás, i gcúinsí ar leith, go greideann an Chomhairle nach bhfuil an costas iomlán inchosanta; laghdófar méid an deontais dá réir.

Leagtar amach sa tábla thíos méid an deontais atá ar fáil bunaithe ar mheasúnú ar theacht isteach an líon tí.

Ollioncam Uasta Teaghlaigh In aghaidh na bliana	% de Chostais ar fáil	Uasdeontas Ar fáil Le haghaidh tithe atá tógtha le níos faide ná 12 mhí	Uasdeontas ar fáil do thithe atá tógtha le níos lú ná 12 mhí
€	%	€	€
Suas go dtí €30,000	95%	30,000	14,500
€30,001 - €35,000	85%	25,500	12,325
€35,001 - €40,000	75%	22,500	10,875
€40,001 - €50,000	50%	15,000	7,250
€50,001 - €60,000	30%	9,000	4,350
Os cionn €60,000	Níl aon deontas iníoctha		

Mar shampla, má tá deontas á íoc, chun seomra folctha a chur ar fáil, le duine a bhfuil oll-ioncam tí de €32,000 aige nó aici, is é méid an deontais atá iníoctha ná €6,609.60 (85% de €7,776)

Ioncam Tí

Ós rud é go ndéantar tástáil acmhainne i dtaca le hIarratais ar Dheontais, caithfear fianaise i dtaca le hioncam an tí a chur isteach le gach iarratas. Déantar ioncam an tí a ríomh ó oll-ioncam bliantúil úinéir na maoin sa bhliain chánach dheireanach, chomh maith le hioncam a c(h)éile / p(h)áirtí, más infheidhme, agus aon duine fásta eile a bhfuil cónaí orthu sa teach i.e. Iad siúd os cionn 18 (nó os cionn 23 má tá cúrsa lánaimseartha oideachais ar siúl acu)

Agus ollioncam an tí á shocrú tabharfaidh údaráis áitiúla neamhaird ar na gnéithe ioncain seo a leanas:

- €5,000 do gach ball den líon tí suas le 18 mbliana d'aois;
- €5,000 do gach ball den líon tí idir 18 agus 23 bliana d'aois agus atá i mubn oideachais lánaimseartha nó i mbun printíseachta FÁS*;
- €5,000 nuair atá duine muinteartha ag tabhairt aire go lánaimseartha don duine a bhfuiltear ar lorg deontais dó/di;
- Sochar Leanaí;
- Fordheontas Luathchúram Leanaí;
- Fordheontas Ioncam Teaghlaigh;
- Deontas Cúram Tí;
- Deontas Cúram Faoisimh;
- Sochar / Liúntas Cúramóra (sa chás gur le haghaidh an duine a bhfuiltear ar lorg an deontais dó / di a íoctar an cúramóir);
- Liúntas Cúram Altrama;
- Liúntas Breosla.

***Caithfear fianaise a sholáthar ó fhoras Oideachais / Oiliúna do bhaill den líon tí idir 18 agus 23 bliana d'aois agus atá i mubn oideachais lánaimseartha nó i mbun printíseachta FÁS.**

Fianaise ar Ioncam an Tí

Pinsinéirí

Duine atá éirithe as fostaíocht inárachais agus atá ag fáil

- Pinsean Stáit (Aistriú)
- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Liúntas Réamhscoir
- Pinsean Thar Lear

Caithfidh sé nó sí Ráiteas Ioncaim don bhliain chánach dheireanach a chur isteach, ón Roinn Coimirce Sóisialaigh / Roinn Rialtais Thar Lear agus P60 ón fhostóir deireanach, nuair is cuí, nó Ráiteas Comhardaithe P21.

Duine atá ag fáil

- Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)

Caithfidh sé / sí fótachóip den duillín íocaíochta s'acu ó An Post a chur isteach, nó Ráiteas Comhardaithe P21 don bhliain chánach dheireanach.

Oibrithe ÍMAT

Duine atá fostaíthe caithfidh sé nó sí P60 nó Ráiteas Comhardaithe P21 a chur isteach don bhliain chánach roimhe.

Féinfhostaithe / Feirmeoirí

Iad siúd a thagann faoin aicme seo, caithfidh siad Foirm Mheastacháin Cáin Ioncaim a chur isteach, chomh maith le cóip de na cuntais don bhliain chánach roimhe.

Daoine a fhaigheann Leas Sóisialta (níl an liosta seo cuimsitheach)

- Pinsean Ranníocach Baintrí / Baintreach Fir

- Pinsean Neamh-Ranníocach Baintrí / Baintreach Fir
- Sochar Breoiteachta
- Pinsean Easláine
- Liúntas Míchumais
- Pinsean do Dhaoine Dalla
- Sochar / Liúntas Cúramóra
- Sochar Gortaithe

Caithfidh siad Ráiteas Ioncaim don bhliain chánach roimhe a chur isteach, ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó Ráiteas Comhardaithe P21 don bhliain chánach roimhe.

Tuilleamh ó Airgead Sábháilte nó ó Infheistíochtaí

Caithfear teastas úis nó teastas díbhinne a chur isteach

CAITHFEAR FIANAISE AR IONCAM LÍON TÍ A CHUR ISTEACH I DTAOBH ÚINÉIR NA MAOINE AGUS, MÁ BHAINNEANN LE CÁS, I DTAOBH A C(H)ÉILE / A P(H)ÁIRTÍ AGUS AON DUINE FÁSTA EILE A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU SA TEACH I.E. IAD SIÚD ATÁ OS CIONN 18 MBLIANA (NÓ OS CIONN 23 MÁ TÁ SIAD I MBUN OIDEACHAS LÁNAIMSEARTHA)

▪ **Rialacháin Tógála**

Tá leasú déanta ar Chuid M de na Rialacháin Tógála lena chinntiú gur féidir le daoine atá faoi mhíchumas cuairt a thabhairt. Baineann Rialacháin Cuid M le tithe úra a dtugtar cead pleanála fána gcoinne ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2001. Is iad na príomh-ghnéithe de thithe úra atá i gceist ná:

- Bealach isteach inrochtana go dtí suíomh nó láthair na teaghaise,
- Bealach isteach cothrom nó le fána réidh go dtí príomhdhoras na teaghaise,
- Doras isteach atá leathan go leor agus a bhfuil tairseach chothrom isteach ann,
- Pasáistí agus dorais atá leathan go leor le haghaidh cúrsaíocht daoine ag an leibhéal isteach,
- Murláin dorais agus lasca soilse ar airde chuí,
- Cubhachail leithris ag leibhéal an bhealaigh isteach, atá mór go leor fá choinne duine ag brath ar chathaoir rotha.

Ós rud é gur gá na gnéithe seo a chur san áireamh in aon teach úr a dtugtar cead pleanála fána gcoinne ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2001 ní chuirfear san áireamh iad nuair a bheas méid an Deontais Oiriúnaithe Tí á shocrú le haghaidh tithe den chineál seo. Is iad na hoibreacha breise sin amháin, a mheastar a bheith riachtanach leis an áit chónaithe a dhéanamh níos fóisteanáí do riachtanais an duine atá faoi mhíchumais, os cionn na riachtanas sin a thagann faoi na rialacháin tógála, is iad na hoibreacha sin amháin a d'fhéadfadh a chur san áireamh nuair atá méid an deontais á shocrú ag an údarás.

• **Deontas Oiriúnaithe Tí fá choinne Tithe Úra**

Cuirtear Deontas Oiriúnaithe Tí ar fáil do thithe úra, agus is deontas é atá dírithe ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus a cheannaíonn nó a thógann tithe úra (tithe atá tógadh laistigh de 12 mhí anuas) chun freastal níos fearr ar na riachtanais speisialta atá acu.

Tá deontas níos lú iníoctha i gcás tithe atá níos lú ná dhá mhí dhéag d'aois i gcomparáid leo siúd atá níos sine ná dhá mhí dhéag mar níl sé chomh costasach céanna chun freastal ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas nuair atá teach á thógáil nó á cheannach i gcomparáid le teach atá ann cheana féin a athrú.

Beidh sé riachtanach ag an iarratasóir a thaispeáint go soiléir go bhfuil an teaghais úr á tógáil nó á ceannach ar mhaithe le freastal go sonrach ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas. Ní bheidh sé chomh simplí sin go n-íocfar deontas le teaghlach sa chás go bhfuil siad ag ceannach tí nó ag tógáil tí agus ball amháin nó eile den teaghlach sin a bheith faoi mhíchumas. Ní hé. Caithfear a thaispeáint nach bhfuil an áit chónaithe atá faoi láthair ag fóirstean, agus caithfear an áit chónaithe úr a bheith deartha go speisialta chun freastal ar riachtanais chónaithe an duine atá faoi mhíchumas. Maidir leis seo, caithfear na nithe seo a leanas a chur isteach leis an iarratas ar Dheontas:

- Teastas ón Ailtire a d'ullmhaigh na pleananna ina ndeimhnítear go bhfuil an teaghais deartha chun freastal go sonrach ar dhuine ainmnithe atá faoi mhíchumas.
 - Caithfidh an Teastas a thaispeáint go soiléir cén dóigh ar cuireadh athruithe sonracha isteach sna pleananna chun freastal go sonrach ar dhuine atá faoi mhíchumas.
 - Caithfidh an Teastas a thaispeáint go soiléir cén dóigh a dtéann na hathruithe seo níos faide ná na riachtanais atá sna Gnáth-Rialacháin Tógála, agus béim ar leith ar thagairt a dhéanamh do Chuid M maidir leis na riachtanais atá ann go mbeadh daoine faoi mhíchumas in ann cuairt a thabhairt.
 - Caithfidh an Teastas na costais bhreise a bhaineann leis na hathruithe/breisiúcháin seo a chur in iúl.
 - Beidh gá fosta le Teastas a chur isteach ó dhochtúir an iarratasóra mar chuid den iarratas, ar an dóigh chéanna a ndéantar le hIarratas ar Dheontas Oiriúnaithe Tí.

Tabharfaidh Teiripeoir Saothair cuairt ar an tsean-áit chónaithe agus, ag cur san áireamh Teastas an Ailtire, tabharfaidh sé/sí tuairisc ar oiriúnacht nó eile na háite cónaithe roimhe seo agus cé acu freastalaíonn an áit chónaithe úr ar riachtanais ar leith an duine atá faoi mhíchumas, nó nach bhfreastalaíonn. Mar sin de, moltar go mbeadh an Teiripeoir Saothair rannpháirteach go luath nuair a bheas pleananna á meas le haghaidh teach nua a sholáthar, mar nach n-íocfar Deontas Oiriúnaithe Tí, i gcás ar bith, le haghaidh tithe úra má mheastar nach bhfuil freastal ceart sásúil á dhéanamh ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas.

• **Iarratas a chur isteach**

Beidh ar an iarratasóir foirm iarratais shimplí HD1 a líonadh isteach agus í a sheoladh chuig an Chomhairle i gcomhar le teastas leighis HD2 atá le líonadh ag Dochtúir an Duine atá faoi mhíchumas. Caithfear fianaise ar ioncam an tí a chur isteach leis an iarratas fosta, chomh

maith le, i gcásanna áirithe, fianaise ar úinéireacht na maoine (féach an chuid den fhoirm iarratais seo ar ‘Fianaise ar Úinéireacht’ le haghaidh sonraí). Is é seo an t-eolas atá de dhíth ag an tús, agus chan aon rud eile. Sa chás go gcuirtear iarratas isteach nach gcomhlíonann an bunchaighdeán seo, seolfar sin ar ais chuig an iarratasóir, agus déanfar tagairt don eolas atá ar iarraidh.

▪ **Teastas Dochtúra**

Caithfear teastas Dochtúra (foirm HD2) a líonadh isteach agus í a bheith sínithe / stampáilte ag do Dhochtúir agus seolta isteach le d’iarratas.

▪ **Fianaise ar Úinéireacht**

Sa chás go n-aithnítear duine, seachas an duine a mheastar go ginearálta a bheith ina cheann tí, sa chás go n-aithnítear duine eile mar úinéir na maoine, eg mac / iníon nó duine eile, ba chóir fianaise ar úinéireacht a chur isteach leis an iarratais le moilleanna a sheachaint nuair a bheifear ag plé leis an iarratas. Sampla de chomhthéacs eile nuair a ba chóir fianaise ar úinéireacht a chur isteach ná nuair is duine eile seachas an phríomh-shaothraí atá luaite mar úinéir na maoine. Ba chóir an fhianaise sin a bheith i bhfoirm cóip de dhoiciméadú nó deimhniú teidil ó dhlíodóir gurb ionann an duine ainmnithe agus úinéir cláraithe na maoine nó go bhfuil iarratas á dhéanamh chun go gclárófaí mar úinéir iad. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur féidir leis an Údarás Áitiúil fianaise ar úinéireacht a lorg in aon chás a shíleann sé a bheith ceart agus cuí.

▪ **Táillí atá dlite don Chomhairle**

Sa chás go bhfuil aon airgead le híoc leis an Chomhairle maidir le blianachtaí cíosa / ceannaigh, iasacht tithíochta, táillí uisce, rátaí nó aon tálle eile, caithfear na táillí seo a íoc go hiomlán sula gceadófar aon iarratas.

Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)

Caithfear cruthúnas a chur isteach leis an iarratas go bhfuil gach rud in ord maidir le CMÁ. Gheofar an t-eolas seo i bhfoirm cóip phriontáilte de leathanach stair na maoine ón chóras CMÁ ar líne. Sa chás nach bhfuil teacht ag an iarratasóir ar an chóras ar líne, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach an CMÁ ar 1890 200255.

Sa chás nach bhfuil úinéir na maoine ina chónaí sa teach atá i gceist san iarratas, caithfear cruthúnas géilliúntais i dtaca leis an ‘dá’ theach a chur isteach isteach.

Tá géilliúntas leis an CMÁ riachtanach ar an dáta a fhaightear an t-iarratas agus ar an dáta a íoctar an deontas.

▪ **Luacháil**

Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall socrú chun scrúdú a dhéanamh ar an mhaoin, chomh maith le tuairisc a ullmhú ar cé acu tá an t-iarratas incháilithe ar an chéad dul síos nó nach bhfuil, ag cur san áireamh nádúr agus scóip an mhíchumais, agus ar an dara dul síos cad iad na hoibreacha a mheastar a bheith riachtanach. Ullmhóidh ball foirne de chuid na Comhairle í féin nó Teiripeoir Saothair an tuairisc, ag cur san áireamh nádúr agus scóip na ndeacrachtaí feidhmiúla atá á bhfulaingt.

Sa chás go measann an Chomhairle, i ndiaidh dóibh scrúdú a dhéanamh, go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh deontais, eiseofar litir cheadaithe shealadach.

Comhairleofar duit cad iad na hoibreacha a mheastar a bheith riachtanach agus ansin beidh ort an méid seo a leanas a chur isteach, le go ndéanfaí tuilleadh machnaimh air:

- 2 mheastachán scríofa maidir le costa measta na n-oibreacha
- Sonraí cháin ioncaim duit féin agus don Chonraitheoir,
- Mionphleananna / Cead Pleanála nuair is gá

Déanfar cinneadh deiridh ar d'iarratas i ndiaidh duit na rudaí breise seo a chur ar fáil, i ndiaidh don Chomhairle iad a mheas, agus eiseofar fógra i dtaobh Cead Deiridh chugat.

Sa chás gur baill foirne de chuid na Comhairle a dhéanann an measúnú, tá de cheart ag an iarratasóir measúnú a lorg ó Theiripeoir Saothair agus tabharfar deis dóibh an rogha seo a dhéanamh. Tabharfar comhairle dóibh faoi na himpleachtaí atá i gceist le glacadh leis an deontas maidir le hiarratais eile san am atá le theacht (féach an chuid den doiciméad seo a phléann le cothabháil oibreacha agus íocaíochtaí dara deontais).

Is féidir le hiarratasóir fosta socrúithe a dhéanamh chun tuairisc ó Theiripeoir Saothraí neamhspleách a chur isteach le hiarratas ag an tús, agus ar an dóigh sin ag cinntiú go bpléifear níos gasta le hiarratais ó iarratasóirí a bhfuil mórdheacrachtaí gluaiseachta acu, nó faoi mhíchumas atá ag leibhéal iontach tromchúiseach / ag fáil cúram gairmiúil / nó atá istigh in otharlann. Mar sin féin, caithfidh aon tuairisc neamhspleách den chineál seo a bheith san fhormáid atá leagtha amach sa doiciméad seo agus caithfidh sé a bheith de réir théarmaí na scéime mar atá leagtha amach anseo. Sa chás go n-úsáideann aon iarratasóir Teiripeoir Saothair san earnáil phríobháideach lena gcuid riachtanas a mheas, is féidir an costas seo (suas go dtí €200) a chur san áireamh sa deontas, a fhad is nach rachfar thar an uasmhéid is féidir a fháil mar dheontas.

▪ Tuairiscí

Sa chás go ndéanann Teiripeoir Saothair an t-iarratas a scrúdú, comhlánófar tuairisc mhionsonraithe i ndiaidh scrúdú an iarratais agus cuirfidh an Chomhairle é seo san áireamh nuair a bheas cinneadh á dhéanamh i dtaca leis. Istigh sa tuairisc beidh sonraí i dtaca leis an teach, cur síos ar an teaghlach agus na daoine a bhfuil cónaí acu ann, stadas feidhmiúil an iarratasóra, sonraí na n-oibreacha a shíleann an Teiripeoir Saothair atá réasúnta riachtanach leis an áit chónaithe a dhéanamh níos fóirsteanáí don duine atá faoi mhíchumas, ag cur téarmaí na scéime san áireamh. Beidh mionsonraí i dtaca leis na hoibreacha sonracha agus sonraíochtaí ceangailte leis an tuairisc i bhfoirm sceidil.

Má tharlaíonn, le linn díospóireachta leis an iarratasóir, go bhfuil an t-iarratasóir / an teaghlach míshásta leis na hoibreacha atá beartaithe, leagfar amach i dTuairisc an Teiripeora Shaothair mionsonraí na n-oibreacha a shíleann an t-iarratasóir / an teaghlach a bheith riachtanach, agus tuairim a thabhairt faoi sin. Tá sé fíorthábhachtach ag an phointe seo go mbeidh go leor eolais istigh i dTuairisc an Teiripeora Shaothair le go mbeadh an Chomhairle in ann cinneadh feasach a dhéanamh i dtaca leis an Iarratas agus le cur ar a gcumas/ ar chumas an Bhainisteora Teiripe Saothair an t-iarratas a athbhreithniú má dhéantar achomharc.

Sa chás gur baill de chuid na Comhairle féin a dhéanann an scrúdú, beidh an leibhéal céanna mionsonraí ann chun cuidiú le cinneadh a dhéanamh ar an iarratas.

▪ **Meastacháin**

I ndiaidh go dtabharfar cead sealadach, iarrfar ar an iarratasóir dhá mheastachán mhionsonraithe a chur isteach ó chonraitheoirí maidir leis na hoibreacha atá ceadaithe. Caithfear na heilimintí aonaracha éagsúla de na hoibreacha seo, a bhfuil an deontas á thabhairt fána gocoinne, a bheith briste síos, ina cheann agus ina cheann, sa mheastachán atá déanta.

▪ **Pleananna / Líníochtaí**

Sa chás go bhfuil cead sealadach tugtha don iarratasóir, chomh maith le sonraí i dtaca leis na hoibreacha/sonraíochtaí atá incháilithe, beidh gá, i roinnt cásanna, ag brath ar nádúr agus scóip na n-oibreacha, plean/líníocht de na hoibreacha atá beartaithe a ullmhú, agus iad déanta chun scala de reir na sonraíochtaí/mionsonraí atá curtha ar fáil sa chead sealadach. Is bunaithe ar na pleananna seo, mar atá ceadaithe ag an Chomhairle, a ba chóir meastachán an chonraitheora a chur isteach agus na hoibreacha cuí a dhéanamh. Is faoin iarratasóir atá sé aon Chead Pleanála a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a fháil. Caithfidh gach plean a bheith de réir na Rialachán Tógála.

▪ **Riachtanais Chánach**

Leagtar amach i bhFoirm HD3 an t-eolas atá le cur isteach ag an iarratasóir agus ag an chonraitheoir i dtaca le riachtanais chánach. (Eiseoidh an Chomhairle Foirm HD3 chugat nuair a bheas sí sásta go bhfuil d'iarratas incháilithe don deontas). I gcás an iarratasóra, nuair atá an deontas níos lú ná €10,000, níl de dhíth ach uimhir thagartha cáin ioncaim chomh maith le deimhniú go bhfuil gnoithe cánach an iarratasóra in ord. Ach, sa chás go bhfuil méid an deontais níos mó ná €10,000 caithfidh an t-iarratasóir Deimhniú Imréitigh Cánach a chur isteach.

I gcás an chonraitheora, caithfear deimhniú imréitigh cánach bailí a chur ar fáil in achan chás.

Mar mhalairt ar an iarratasóir / an chonraitheoir deimhniú imréitigh cánach bailí a chur ar fáil, is féidir leo cead a thabhairt don Údarás Áitiúil a dheimhniú go leictreonach go bhfuil deimhniú bailí aige / aici tríd an áis dheimhniúcháin ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid. Leis an rogha seo a úsáid, caithfidh gur ar líne a rinneadh an t-iarratas bunaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim

ar an Deimhniú Imréitigh Cánach, sin go bhfuil an t-iarratas 'ar pháipéar' deimhnithe agus comhantaithe ag tríú páirtithe ó thaobh deimhniúcháin ar líne de.

Caithfidh an tImréiteach Cánach a bheith bailí ar an dáta a fhaightear an t-iarratas agus ar an dáta a íoctar an deontas.

- **Ag Cur Tús leis na hOibreacha**

Níor chóir, i gcúinsí ar bith, tús a chur le hoibreacha sula dtugtar an Cead Deiridh, mar ní dhéanfar Deontais a mheas sa chás go bhfuil tús curtha le hoibreacha cheana féin.

- **Na hOibreacha a Scrúdú / a Mhaoirsiú**

Réamh-Oibreacha - Coinneoidh an Chomhairle an ceart chun aon scrúdú/fiosrúchán, a mheasann sí a bheith cuí, a dhéanamh i gcomhthéacs an t-iarratas a bheith á mheas. Is gá gur Oifigigh de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall nó de chuid áisíneachtaí eile ag feidhmiú thar ceann na Comhairle, a dhéanfaidh na scrúduithe/fiosrúcháin seo. Beidh gá le cead isteach chuig an teach iomlán.

I ndiaidh na nOibreacha - Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chailteanas ná aon damáiste a d'fhéadfadh a tharlú don iarratasóir de bharr aon fhabht sna hoibreacha, bíodh sin fabhtanna struchtúrtha nó eile. Ba chóir d'iarratasóirí a fhios a bheith acu gur ar mhaithe le heolas na Comhairle, agus sin amháin, a dhéanfaidh aon bhall foirne de chuid na Comhairle nó de chuid ghníomhairí na Comhairle na scrúduithe ar na hoibreacha, lena dheimhniú, trí shúil agus trí scrúdú gairid, go bhfuil na hoibreacha curtha i gcrích, agus ní ghlacann an Chomhairle le haon dualgas cúraim, bíodh sin reachtúil nó de réir an dlí chomónta, i dtaca leis an iarratasóir lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha déanta mar is ceart nó saor ó aon locht. Tá sé chun leasa an iarratasóra, mar sin, duine a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici a fhostú leis na hoibreacha a mhaoirsiú lena chinntiú go ndéanfar na hoibreacha mar is ceart agus saor ó aon locht.

- **Sláinte & Sábháilteacht**

Cuirtear i gcuimhne d'iarratasóirí go leagann an Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Obair (Tógáil) 2013 freagrachtaí úra ar dhaoine atá ag socrú obair thógála ina dteach féin.

I measc na bhfreagrachtaí seo, tá freagracht ann chun daoine cumasacha agus conraitheoirí cumasacha a cheapadh leis an obair a dhéanamh.

Féach, le do thoil, An Treoir d'Úinéirí Tí i dtaca le hObair Thógála a Shocrú, a d'fhoilsigh an tÚdarás um Shábháilteacht agus Sláinte agus atá ar fáil ar an suíomh idirlín s'acu ar www.hsa.ie

- **Ag Críochnú na nOibreacha**

Tá sé riachtanach go mbeidh na hoibreacha curtha i gcrích agus an deontas iarrtha taobh istigh de bhlaith amháin ó dháta an cheada.

▪ An Deontas a Íoc

Is le seic a íocfar an deontas nuair a bheas na hoibreacha curtha i gcrích chun sástachta na Comhairle. An sonrasc a fuair tú ón Chonraitheoir a rinne na hoibreacha ar tugadh an deontas dóibh, caithfear é sin a chur isteach leis an iarratas ar íocaíocht. Déanfar sonraí Imréiteach Cánach an Iarratasóra / an Chonraitheora a sheiceáil arís ag an staid seo, agus má tá siad as dáta, beidh gá le teastais nuashonraithe. Ar an dóigh chéanna, déanfar an scéala i dtaca le Cáin Maoine Áitiúil a sheiceáil agus má tá gá le cruthúnas uasdátaithe, iarrfar sin. Bainfidh seo níos mó le cásanna nuair a bheas an deontas á íoc le linn bliana nach ionann agus an bhliain a ndearnadh an t-iarratas. Ní féidir seic a bhriseadh ach amháin trí lóisteáil a dhéanamh isteach i gcuntas bainc duine aonair. Is féidir le hiarratasóir íocaíocht an deontais a cheadú chuig an chonraitheoir más gá.

▪ Oibreacha a Chothabháil / Dara Deontais a Íoc

Is é an t-iarratasóir / úinéir an tí atá freagrach, go huile is go hiomlán, as na hoibreacha críochnaithe, agus trealamh ar bith a soláthraíodh faoin scéim, a chothabháil. Is deontas ‘aonuaire’ é an Deontas Oiriúnaithe Tí, go ginearálta, agus caithfear riachtanais fhadtéarmacha an iarratasóra a chur san áireamh. Ó am go chéile, mar thoradh air seo, d’fhéadfadh sé go mbeadh oibreacha níos ionraí le déanamh d’iarratasóirí.

Ach, níl aon chosc dlí i gcoinne an dara deontas a íoc má thagann athrú ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas. Tchítear gur cur chuige níos praiticiúla é seo nuair is cuí agus is minic é seo a bheith níos inghlactha ag an duine atá faoi mhíchumas chomh maith. Bheadh tréimhse ama 7 mbliana ón chéad deontas réasúnta i gcásanna mar seo.

Ní íocfar aon deontas breise ach amháin nuair a thagann athrú ar riachtanais an duine atá faoi mhíchumas agus nuair atá oibreacha úra de dhíth, nár clúdaíodh faoin chéad deontas (ní íocfar aon deontas d’oibreacha a bhfuarthas deontas dóibh roimhe). Sa chás go bhfuil an dara deontas le híoc, beidh sé seo teoranta go dtí uasmhéideanna, agus cuirfear sa réicneáil an méid a íocadh sa chéad deontas. Is i gcúinsí eisceachtúla amháin a bheas gá le deontais bhreise, agus ní bheidh sé de ghnáthnós againn iad a íoc.

▪ Nós Imeachta Achomhairc

Agus iarratais á bpróiseáil faoin Scéim Deontais Oiriúnaithe Tí aithníonn an t-údarás go bhféadfadh roinnt iarratasóirí a bheith míshásta le cinneadh an údaráis.

Tugtar cuireadh d’iarratasóirí achomharc scríofa a chur isteach maidir le haon chinneadh ar thug an t-údarás áitiúil fógra dóibh fá dtaobh dá n-iarratais, laistigh de 3 seachtaine ó dháta an chinnidh, agus ag tabhairt fáthanna leis an achomharc. Déanfar an t-achomharc a mheas agus a athbhreithniú laistigh de 4 seachtaine ón lá a fhaightear é. Tabharfar fógra faoin chinneadh ar an achomharc do gach iarratasóir laistigh de 2 sheachtain ón lá a dhéantar an cinneadh.

Ba chóir, san achomharc, mionsonraí a thabhairt ar cén fáth nach n-aontaíonn an t-iarratasóir le cinneadh na Comhairle, ag cur san áireamh téarmaí na scéime, agus cén dóigh a chreidtear nach bhfuil an cinneadh ag teacht leis an pholasaí atá leagtha amach sna Deontais Oiriúnaithe Tí. Sa chás go mbaineann an t-achomharc le nádúr agus méid na n-oibreacha atá beartaithe, ba chóir don iarratasóir a leagan amach cad chuige a gcreideann siad go bhfuil na hoibreacha míchuí agus cén dóigh a mbeadh oibreacha eile níos fearr agus níos fóirsteanaí, ina mbarúil féin, ag cur san áireamh téarmaí na scéime i.e. Le teach a dhéanamh níos fóirsteanaí mar áit chónaithe do dhuine atá faoi mhíchumas agus an gá leanúnach atá ann an luach is fearr ar airgead a bhaint amach.

Ar an chéad dul síos, déanfaidh an Chomhairle achomharc mar seo a athbhreithniú agus a mheas, agus má shíltear go bhfuil gá leis cuirfear ar aghaidh é chuig an Roinn Teiripe Saothair lena mheas ag na baill foirne chuí, agus le Tuairisc Bhreise a ullmhú ina leith le go dtig leis an Chomhairle sin a mheas. Cibé cinneadh a dhéanfaidh an Chomhairle a fhógairt ina dhiaidh sin, ní bheith aon dul thairis.

Ní dhéanfar leithcheal ar aon iarratasóir as gan a bheith in ann achomhairc ‘ardchaighdeánacha’ a chur isteach.

▪ **D’Iarratas a chur isteach**

Nuair a bheas d’iarratas líonta isteach ba chóir é a sheoladh ar ais chuig, d’Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil ag an tseoladh seo a leanas:

Toghcheantar na nGleanntach, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath
Toghcheantar Inis Eoghain, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach
Toghcheantar Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T Uí Bhleine, Leitir Ceanainn
Toghcheantar Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall
Toghcheantar Shrath an Urláir, Teach an Chontae, Leifear

Uimhir Ghutháin do gach oifig: 074 9153900

***MÁ TÁ CUIDIÚ DE DHÍTH ORT LEIS AN FHOIRM SEO A LÍONADH ISTEACH,
CUIR SCAIRT AR D’OIFIG ÁITIÚIL TITHÍOCHTA AG AN SEOLADH THUAS, AGUS
UIMHIR GHUTHÁIN THUAS***